Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

11488/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0334(COD)**

CODEC 1339
ECOFIN 769
UEM 272
PE 100

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú<br>– An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg 10-13 Meán Fómhair 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh, agus dá réir sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, chuir Iskra MIHAYLOVA (ALDE, BG) leasú comhréitigh amháin (leasú 19) ar an togra le haghaidh rialacháin i láthair, thar ceann an choiste a ndéanann sí cathaoirleacht air, ar an 5 Meán Fómhair 2018. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach leasú comhréitigh amháin (leasú 19) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 11 Meán Fómhair 2018. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ar an gcuma sin, ghlacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

2 I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, rinneadh na hathruithe a rinneadh de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil ann. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

# An Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach: imchlúdach airgeadais agus cuspóir ginearálta ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú (COM(2017)0825 – C8-0433/2017 – 2017/0334(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0825),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 175 agus 197(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0433/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Márta 2018[3],

– ag féachaint don tuairim ón Choiste na Réigiún an 3 Aibreán 2018[4],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 18 Iúil 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (agus do na tuairimí ón gCóiste um Buiséid, ón gCoiste Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gcoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A8-0227/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

[3] IO C 237, 6.7.2018, lch. 53.
[4] IO C 237, 6.7.2018, lch. 53.

3. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2017)0334**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 11 Meán Fómhair 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 agus d'Airteagal 197(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[7],

---

5 IO C 237, 6.7.2018, lch. 53.
6 IO C 247, 13.7.2018, lch. 54.
7 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2018.

De bharr an méid seo a leanas:

***(1)*** ***Féadfaidh an tAontas tacú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin chun dlí an Aontais a chur chun feidhme.***

(2) Bunaíodh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ('an Clár') chun acmhainneacht na mBallstát a neartú maidir le hathchóirithe fáschothaitheacha riaracháin agus struchtúracha ***atá chun leasa an Aontais*** a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear le cúnamh chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as cistí an Aontais. Is é an Coimisiún a chuireann an tacaíocht ar fáil faoin gClár, arna iarraidh sin ag Ballstát, agus is féidir leis an tacaíocht sin raon leathan réimsí beartais a chumhdach. Trí gheilleagair bhuanseasmhacha agus ***sochaí bhuanseasmhach*** a fhorbairt ar bhonn struchtúir láidre eacnamaíocha agus shóisialta ***agus chríochacha***, lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit suaitheadh a sheasamh go héifeachtúil agus teacht aniar go pras, cuirtear leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ***agus scaoiltear acmhainneacht fáis***. ***Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil, rannchuidiú agus rannpháirtíocht iomchuí lucht riaracháin phoiblí agus geallsealbhóirí náisiúnta agus réigiúnacha a spreagadh***. ***Uirlisí tábhachtacha*** chun an fhorbairt sin a bhaint amach is ea athchóirithe struchtúrtha institiúideacha, riaracháin agus fáschothaitheacha, ***atá tábhachtach do na Ballstáit a chur chun feidhme, agus úinéireacht ar an talamh ar athchóirithe struchtúrtha le breisluach Eorpach***.

***(3) Tá cumarsáid éifeachtúil de bhearta agus gníomhaíochtaí na Parlaiminte agus a dtorthaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach bunriachtanach chun feasacht a mhúscailt maidir lena bhfuil bainte amach ag an gClár agus chun feiceálacht a áirithiú agus faisnéis a sholáthar maidir lena éifeachtaí ar an talamh.***

***(4) Ós rud é go bhféadfadh an t-éileamh ar thacaíocht maoiniú na Parlaiminte a shárú, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na hiarrataí a chur in ord tosaíochta, i gcás inarb iomchuí, le linn an nós imeachta um iarraidh ar thacaíocht. Sa chomhthéacs, ba cheart aird a thabhairt ar iarrataí ar thacaíocht a bhfuil nasc acu leis an Seimeastar Eorpach agus le réimsí beartais a bhaineann le comhtháthú, nuálaíocht, fostaíocht agus fás atá cliste agus inbhuanaithe. Ba cheart go gcomhlánódh an Clár ionstraimí eile chun forluí a sheachaint.***

***(5) Ós rud é nach soláthraíonn an Clár maoiniú do na Ballstáit, agus nach soláthraíonn sé ach tacaíocht theicniúil, níl sé mar aidhm leis gabháil in ionad maoiniú ó bhuiséid náisiúnta nó go n-úsáidfí ina ionad é.***

(6) Tá méadú tagtha ar an úsáid atá á baint ag na Ballstáit as an tacaíocht faoin gClár, sa dóigh gur sáraíodh a rabhthas ag súil leis ag an tús. Ar bhonn a luacha mheasta, ba mhó i bhfad na hiarrataí tacaíochta a fuair an Coimisiún le linn thimthriall 2017 ná an leithdháileadh bliantúil a bhí ar fáil. Le linn thimthriall 2018, bhí luach measta na n-iarrataí a fuarthas cúig huaire ní ba mhó ná na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil don bhliain sin. Is beag Ballstát nár iarr tacaíocht faoin gClár agus baineann na hiarrataí leis na réimsí beartais uile atá cumhdaithe ag an gClár.

(7) Maidir leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú ***trí*** athchóirithe struchtúracha ***a théann chun tairbhe an Aontais agus atá i gcomhréir lena phrionsabail agus a luachanna,*** is ríthábhachtach ***an bonn taca é don teacht aniar eacnamaíoch agus*** do rannpháirtíocht rathúil ***agus cóineasú réadach treisithe*** san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, ***lena n-áiritheofar a chobhsaíocht agus a rathúnas fadtéarmach***. ***Tá an tábhacht chéanna ag baint*** leis sin i gcás na mBallstát nach é an euro a n-airgeadra, agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro, ***agus atá i gcás na mBallstát sa limistéar euro.***

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí béim a leagan air i gcuspóir ginearálta an Chláir – mar chuid den mhéid atá ann chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta – go ***bhféadfaí a chur*** freisin, le feabhsú an chomhtháthaithe ***eacnamaíoch agus shóisialta***, an iomaíochais, na táirgiúlachta, an fháis inbhuanaithe agus an chruthaithe post***, an chuimsithe shóisialta agus na hinfheistíochta,*** le hullmhúcháin na mBallstát sin nach é an euro a n-airgeadra do rannpháirtíocht sa limistéar euro.

(9) ***D'fhonn na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothrú agus laistigh de na bearta incháilithe atá le cistiú leis an gClár sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí,*** le bearta agus le gníomhaíochtaí de chuid an Chláir, tacaíocht a thabhairt ***freisin*** d'athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag na Ballstáit agus iad ag ullmhú le bheith rannpháirteach sa limistéar euro, ***agus urraim á tabhairt dophrionsabal na córa comhionainne do na Ballstáit uile***.

(10) Chun freastal ar an méadú ar éileamh na mBallstát ar thacaíocht, agus i bhfianaise an ghá tacú le cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha ***atá chun leasa an Aontais, lena n-áirítear*** sna Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra ***agus iad ag ullmhú le bheith rannpháirteach sa limistéar euro***, ba cheart an leithdháileadh airgeadais don Chlár a mhéadú go leibhéal ar leor é chun go mbeidh sé ar chumas an Aontais tacaíocht a thabhairt a fhreastalóidh ar riachtanais na mBallstát atá á hiarraidh, ***agus a n-úsáidfear é i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais. Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag an méadú sin ar thosaíochtaí eile an bheartais chomhtháthaithe. Sa bhreis air sin, níor cheart go mbeadh sé mar oibleagáid ar na Ballstáit a leithdháiltí naisiúnta agus réigiúnacha ó Chistí Struchtúrthacha agus Infheistíochta na hEorpa a aistriú***.

(11) Chun tacaíocht ***ar ardcháilíocht*** a thabhairt lena laghad moille is féidir, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cuid den imchlúdach airgeadais a úsáid freisin chun costas gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht don Chlár a chumhdach, amhail speansais a bhaineann le rialú cáilíochta ***agus faireachán*** ar thionscadail ar an talamh. ***Tá na gníomhaíochtaí sin tábhachtach chun éifeachtúlacht chur chun feidhme na dtionscadal a áirithiú.***

(12) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a leasú dá réir sin,

(13) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

---

**8** Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

Cuspóir ginearálta

Is é cuspóir ginearálta a bheidh ag an gClár rannchuidiú le hathchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha fáschothaitheacha sna Ballstáit trí thacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta maidir le bearta arb é is aidhm leo institiúidí, an rialachas, an riarachán poiblí agus na hearnálacha eacnamaíocha agus sóisialta a athchóiriú agus a neartú mar fhreagairt ar dhúshláin chríochacha, eacnamaíocha agus sóisialta, d'fhonn an comhtháthú, an t-iomaíochas, an táirgiúlacht, an fás inbhuanaithe, an cruthú post**,** an t-infheistiú agus ***an cuimsiú sóisialta*** a fheabhsú, ***agus rannchuidiú le cóineású réadach san Aontas***, rud ***a d'fhéadfadh a bheith mar*** ullmhúchán ▌, freisin, do rannpháirtíocht sa limistéar euro, go háirithe i gcomhthéacs próiseas rialachais eacnamaíoch, lena n-áirítear trí chúnamh chun úsáid éifeachtúil, éifeachtach agus thrédhearcach a bhaint as cistí an Aontais. ';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 5a

Tacaíocht le haghaidh ullmhú do rannpháirtíocht sa limistéar euro

***D'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus 5 a shaothrú agus laistigh de na bearta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 6,*** féadfar bearta agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gClár ***freisin*** lena dtabharfar tacaíocht d'athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag Ballstáit agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro. ';

(3) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Socraítear ag EUR 222 800 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais chun an Clár a chur chun feidhme.";

(b) cuirtear an abairt seo a leanas le mír 2:

'Féadfar costais gníomhaíochtaí eile tacaíochta, amhail rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail tacaíochta ar an talamh, a chumhdach le speansais freisin. '.

***(4) cuirtear isteach an pointe seo a leanas in Airteagal 16(2):***

**' *(f)* *bearta tacaíochta a chur chun feidhme.* '.**

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Maidir le maoiniú a thabhairt i dtaca le himchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, tá Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún tar éis an comhaontú seo a ghlacadh:

1. Déanfar EUR 40 milliún a mhaoiniú trí líne bhuiséid SRSP atá i gCeanntásc 1b (13.08.01) de CAI (Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach) trí úsáid a bhaint as an gCorrlach foriomlán le haghaidh oibleagáidí i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán CAI (AE, Euratom) Uimh. 1311/2913 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh de bhun Airteagal 314 CFAE;

2. Déanfar EUR 40 milliún a mhaoiniú trí líne bhuiséid SRSP atá i gCeanntásc 2 (13.08.02) de CAI (Fás Inbhuanaithe: Acmhainní Nádúrtha) trí ath-imlonnuithe nach cúnamh teicniúil iad agus Forbairt Tuaithe laistigh den Cheanntásc sin agus gan dul i muinín na gcorrlach. Sonrófar foinsí beachta na n-ath-imlonnuithe sin tuilleadh in am trátha ag féachaint don chaibidlíocht ar an nós imeachta buiséadach do bhuiséad 2019.

RÁITEAS ÓN GCOIMISIÚN

(atá le foilsiú i sraith C den Iris Oifigiúil)

Déanfaidh an Coimisiún athshannadh EUR 40 milliún i gCeannteideal 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil a aithint agus a mholadh (Fás Inbhuanaithe: Acmhainní Nádúrtha) sa litir leasaitheach a ghabhfaidh le dhréachtbhuiséad ginearálta 2019.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go slógfar an Corrlach Foriomlán le haghaidh Oibleagáidí i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh le haghaidh 2020 de bhun Airteagal 314 CFAE.